


# NAVAN FORT

Irish Translation

**EAMHAIN MHACHA**

Emain Macha

Contae Ard Mhacha

An Suíomh

Is é atá in Eamhain Mhacha imfhálú mór cruinn créfoirt 2 mhíle siar ó chathair Ard Mhacha. Tá sé suite ar bharr cnoic de chré oighreach thar aolchloch, agus cé nach suntasach an cnoc seo i gcéin, téann an radharc i bhfeidhm go mór ar lá glan. Tá Slaibh Speirín suite siar ó thuaidh, tá Sliabh gCallann ar an taobh thuaidh agus Sliabh Mis soir ó thuaidh agus tá ardtáilte lár Ard Mhacha ar an taobh ó dheas. Tá cathair Ard Mhacha sofheicthe ar an taobh thoir a bhfuil dhá ardeaglais le feiceáil ann ar bharr cnoic. Níl fairsingeach sa radharc ar an taobh thiar amháin. Tá loch beag ann ar a dtugtar Loch na Séad cóngarach don taobh thiar ó thuaidh den dún, agus is féidir go raibh an bóthar a théann ó dheas ón chréfort sean nuair a léiríodh é ar léarscáil a rinneadh i 1602.

**Finscéal agus Stair Eamhain Mhacha**

Is féidir Eamhain Mhacha a aithint go daingean mar Emain Macha, príomhchathair ársa Rithe Uladh. De réir an tseanchais banphrionsa nó bandia a bhí i Macha, agus míniú amháin ar ainm Emain Macha (cúpla Mhacha) gur thug sí cúpla ar an saol i ndiaidh di rás a bhaint i éadan charbad is gasta an rí. Scéal eile a bhí ann gur rianaigh sí imlíne an chréfoirt le bioráin a bróiste.

Tá corpas tábhachtach Luathfhinscéalaíocht na hÉireann ar a dtugtar an Rúraíocht bunaithe ar Rí Conchubhar, a bhí i mbun a ríochta ó Eamhain Mhacha. Ba ansin a bhí na hallaí móra le haghaidh féasta, airm agus creacha an chogaidh, agus ba ansin a bhí laochra an rí, Ridirí na Craoibhe Rua. Tháinig an Cú Chulainn óg óna bhaile i gContae na Mí le bheith faoi altramas agus oiliúint le 150 de bhuíon gasúir an rí. Is cosúil gur tháinig na finscéalta aníos san Iarannaois ach scríobhadh síos i gcéaduair iad san ré luath-Chríostaíochta agus maireann siad mar lámhscríbhinní an 12ú céad agus níos moille. Le himeacht aimsire ba iad a spreag scríbhneoirí agus ealaíontóirí Yeats, Synge, Bean Uasal Gregory agus Louis le Broquy.

Is í an chéad tagairt staire atá againn faoi Eamhain Mhacha b'fhéidir ná ar léarscáil na hÉireann le Tolamaes, geografaí Gréagach sa dara céad AD, cé nach bhfuil an t-aitheantas iomlán cinnte. Ní léir é fosta cá huair a tréigeadh é mar príomhchathair Uladh. Is é an dáta traidisiúnta 331 AD, ach tá an 5ú céad ina fhéidearthacht eile agus is léir go raibh baint ar bhealach idir bunú eaglaise an-luaithe in Ard Mhacha agus sean-phríomhchathair Uladh. B'áit cháiliúil í Emain –sainchomhartha tíre agus siombail. Rinneadh comparáid idir é mar áit phagánach thréigthe agus na lárionaid Chríostaíochta thart ar 800. Bhí cath ag Eamhain Mhacha i 759; ba ansin a bhí campa Bhriain Bóirimhe i 1005 agus thóg Niall Ó Néill teach ann i 1387 le siamsaíocht a chur ar fáil do 'chuideachtaí oilte na hÉireann'. Léiríonn léarscáil phictiúrtha a tarraingíodh sa bhliain 1602 créfort Eamhain Mhacha i gcéin ina bhfuil Loughnashade agus seanbhóthar taobh leis.

**An Créfort**
Tugtar Fáinne Eamhain Mhacha nó Ráth Eamhain Mhacha ar an imfhálú agus tá sé a bheag nó a mhór beacht ciorclach, ar 12 acra de thalamh, ina bhfuil bruach ollmhór ann le díog taobh istigh den bhruach. Tá siad caomhnaithe go maith ar an taobh thiar agus an taobh ó dheas amháin ach dá leanfadh siar ar an scála seo thart ar an chiorcal chumhdódh sé thart ar 15.5 acra. I suíomh cosanta bíonn an díog ar an taobh amuigh den bhruach de ghnáth, agus go fiú roimh an tochailt ba léir nach gnáthráth a bhí in Eamhain Mhacha. Taobh istigh den chiorcal tá dumha íseal ciorclach ann, a bhfuil díog líonta ann thart timpeall air, ach tá dumha ard ann ag an phointe is airde den chnoc tá dumha ard ann, mar atá faoi láthair atógtha i ndiaidh tochailte.

**An tSeandálaíocht**
An ní nach féidir leis an chuairteoir a fheiceáil ar an chnoc féarach ná an scéal a nochtadh go héirimiúil le linn 10 mbliana tochailte idir 1961 agus 1971 a rinne Dudley Waterman, nach maireann, agus ní thig linn ach achoimair ghairid a thabhairt anseo. Ón ré Neoiliteach, aimsir na chéad fheirmeoirí in Éirinn (3000 –2000 RC), tháinig cré-earraí, breochlocha agus comharthaí treafa. Go mall san Aois Chré-umha, thart ar 700 RC, tógadh imfhálú ciorclach ina raibh díog agus fál ann atá anois cumhdaithe leis an dumha ard. Taobh istigh bhí teach cruinn adhmaid le doras soir, le 'clós', a bhí níos mó, ceangailte leis, a raibh tréadbhóthar le fálta ag teacht chuige ón taobh thoir. Cuireadh struchtúir eile ina n-áit arís agus arís eile leis an chéad 600 bliain eile – naoi n-uaire na tithe agus sé huaire na clóis – léiriú iontach ar leanúnachas. Ní flúirseach a bhfuarthas amach ach ba sheasmhach iad le cónaí ríoga nó uaslathach. Ba é an ní is neamhghnáiche a fuarthas blaosc ápa Bharbaraigh, agus caithfidh gur tugadh ón Spáinn nó ón Afraic Thuaidh í, mar bhronntanas b'fhéidir.

Maireann an ré seo ón aistriú idir an Aois Chré-umha agus an Iarannaois. Glanadh an ceantar thart ar 100 RC agus athraíodh é trí struchtúr mór admhad a thógáil, 40 méadar ar trastomhas. Bhí balla amuigh déanta as adhmad agus taobh istigh bhí cúig chiorcal chomhlárnacha le cuaillí móra iontu, 275 san iomlán, agus bun cuaille thar a bheith mór sa lár. Mar gheall ar an chuaille seo, bhíothas in ann é a dhátú, a fhad le 100 RC, trí dheindreachroineolaíocht a dhéanamh (is é sin dátú crainn). Is cosúil go raibh díon ar an struchtúr, ach ní raibh comhartha ar bith ann gur úsáideadh é le tamall fada. Ina ionad sin líonadh é le balláin aolchloiche agus cuireadh trí thine é. Cumhdaíodh an fuílleach le fóid agus le cré le dumha ard a dhéanamh. Ní fios dúinn cad é bhí sa struchtúr mór seo, ach d'fhéadfaí gur theampall é, agus b'fhéidir gur gníomhartha deasghnátha an tógáil agus an dóiteán. Ach, cibé feidhm a bhí leis, is cinnte gurb é ceann de na foirgnimh is suntasaí i ndomhan na gCeilteach – domhan na hEorpa san Iarannaois.

Thaispeán tochailt bheag a rinneadh i 1961 ar an dumha íseal ar an taobh thoir go raibh na struchtúir Aois Chré-umha i láthair anseo fosta, ach nach raibh fianaise shoiléir ann ar dháta an dumha. Is féidir gurb é feart – dumha adhlactha – na hIarannaoise é. Ní dhearnadh tochailt ar na créfoirt maguaird go fóill, ní aois an fháinne ar eolas mar sin, agus tá an chuid is mó den cheantar taobh istigh gan tochailt chomh maith.

**Torthaí ó Cheantar Eamhain Mhacha**
De bhreis ar an ábhar a bhí tochailte, is iomaí réad a fuarthas de thimpiste istigh agus timpeall Eamhain Mhacha le 200 bliain anuas. Tá na dátaí idir an Aois Chré-Umha agus ré na luath-Chríostaíochta, ach tagann na cinn is tábhachtaí ón Iarannaois, an stoc nó an adharc mhór maisithe san áireamh, ceann de cheathrar a fuarthas gar do Loch na Séad san 18ú céad (atá anois sa Mhúsaem Náisiúnta i mBaile Átha Cliath), agus roinnt bróistí, agus cineál ar a dtugtar 'cineál Eamhain Mhacha' i ndiaidh an tsuímh seo (féach léaráidí).

**Suímh Eile**
Gné amháin é Eamhain Mhacha den tírdhreach seandálaíochta maguaird. Ar na cnoic ar an taobh thuaidh den dún tá iarsmaí de leachta Neoiliteacha adhlactha, 4,000 go dtí 5,000 bliain

d’aois. Tá Stáblaí an Rí (faoi Chúram Stáit) siar ó thuaidh, agus trí thochailt dhomhain a dhéanamh nochtadh é mar linn shaorga dhomhain, a úsáid le haghaidh fuílligh deasghnátha go mall san Aois Chré-umha agus tá an chuma ar Loch na Séad gur úsáideadh é le haghaidh fuílligh go mall san Iarannaois. Is féidir gurb é atá i nDún Uí Eochaidh, ar bharr cnoic siar ó Eamhain Mhacha, suíomh lonnaíochta ón Aois Chré-umha nó ón Iarannaois, agus ó thuaidh i mBaile Uí Bhrolacháin, tá suíomh luath-Chríostaíochta ar a dtugtar ‘an mhainistir’. Níos faide ó dheas i gContae Ard Mhacha léiríodh trí thochailt gur tógadh imfhálú na nDoirse san am céanna agus a tógadh Eamhain Mhacha (100 RC), mar a gcéanna le Claí na Muice Duibhe i gContae Mhuineacháin. Na créfoirt líneacha ar a dtugtar na Dane’s Casts, sa Dún Thiar agus i lár Ard Mhacha agus ó dheas níor dátaíodh iad go fóill agus d’fhéadfaí gur mhair siad ón Iarannaois agus d’fhéadfaí go bhfuil críocha nó teorainneacha tuaithe marcáilte acu. Tá príomhchathracha ríoga eile in Éirinn mar atá Teamhrach i gContae na Mí, Cruachain i gConnacht agus Dún Áilinne i Laighean. Is é Camelot Rí Artúr suíomh a bheadh inchurtha leo i Sasana, bonnáit do Ridirí an Tábla Chruinn, ach níor aimsíodh an suíomh sinn go cinnte, cé nár cailleadh eolas ar phríomhchathracha ársa na hÉireann riamh.

**Cairéal Eamhain Mhacha**

Tochlaíodh aolchloch ó cheantar Eamhain Mhacha le breis agus 150 bliain; leoga tháinig an chloch a thóg ceann de na foirgnimh is breátha in Ard Mhacha ón cheantar seo. Ach ba bheag an scála tochailte a rinneadh anseo go dtí le gairid, agus ní raibh an cairéal riamh chomh mór agus atá sé anois go dtí na 1970í. Ba é an toradh a bhí ar iarratas leis an chairéal a mhéadú arís ná go raibh Fiosrúchán Poiblí ann in 1985, inar léiríodh freasúra forleathan in éadan mhéadú an chairéil, agus i mí Bealtaine 1986 d’fhógair an tUas Richard Needham, an tAire Comhshaoil, gur shocraigh an Roinn Comhshaoil ar an iarratas a dhiúltú. Tá fál agus ballaí daingne ann ar thaobh an tsuímh ag dul i dtreo an chairéil agus ní mór do chuairteoirí fanacht taobh istigh den fhál.

**Léitheoireacht Bhreise** Current Archaeology 22 (1970), 307-8; C. J. Lynn ar thochailt Stáblaí an Rí in Ulster J. Archaeol. 40 (1977), 42-62; agus ar Eamhain Mhacha in Emania 1 (1986), 11-19; J. P. Mallory, Navan Fort (leabhrán, 1987).

**Bealach Isteach** 2 mhíle siar ó Ard Mhacha, ar mhionbhóthar a bhaintear an áit amach (comharthaí air) ó thuaidh ó bhóthar A3 chuig Coillidh Léith.